Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7169/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0411(NLE)**

**ECOFIN 309**
**UEM 103**
**FIN 388**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Téarnamh eacnamaíoch san Eoraip; Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta don Iodáil (An bunús dlíthiúil: Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241)<br>- Glacadh |

1. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú dearfach ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 10160/21 + ADD 1 REV 2 é.

2. Leasaigh an Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite an 19 Meán Fómhair 2023, an 8 Nollaig 2023, an 14 Bealtaine 2024, an 18 Samhain 2024, an 20 Meitheamh 2025 agus an 27 Samhain 2025.

3. An 23 Feabhra 2026, rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

4. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht ná comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (i), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

5. I bhfianaise an mhéid sin, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 9 Márta 2026 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas, mar a leagtar amach in 7065/26 agus 7065/26 ADD 1-2 é.

6. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 24 Márta 2026 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

7. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 7138/26 agus 7138/26 + ADD 1.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:

  a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil, a fhormheas, mar a leagtar amach in 7138/26 é agus

  b) an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas, mar a leagtar amach in 7138/26 ADD 1 é, agus

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.